



Polasaí Ghaelcholáiste Chomáin
maidir le Socrúchán d'Ábhair Oidí

CLÁR

- Roinn 1: Réamhrá
- Roinn 2: Forbairt an Pholasáí
- Roinn 3: Tiomantas d'ábhair oidí a óstáil
- Roinn 4: Impleachtaí don scoil maidir le hábhair oidí ar shocrúchán a óstáil
- Roinn 5: Sceidealú d'ábhair oidí ar shocrúchán
- Roinn 6: Ionduchtú d'ábhair oidí ar shocrúchán
- Roinn 7: Tacaíochtaí d'ábhair oidí
- Roinn 8: Forbairt ghairmiúil leanúnach do bhaill foirne a bhfuil baint acu le tacaíocht/éascaíocht maidir le socrúchán d'ábhair oidí
- Roinn 9: Cumarsáid le pobal na scoile faoi pholasaí socrúcháin na scoile
- Roinn 10: Dáta a nglacfar leis an bpolasaí

1 Réamhrá

Aithníonn Bord Bainistíochta Ghaelcholáiste Chomáin na nithe seo a leanas maidir le hoiliúint tosaigh múinteoirí agus an ról a bhíonn ag socrúchán scoile sa phróiseas seo. - Tá taithí dhearfach ó shocrúchán scoile ríthábhachtach chun oiliúint tosaigh múinteoirí cuí a chinntiú d'ábhair oidí.

- Tá dlúthchomhoibriú idir scoileanna agus IAOnna riachtanach ar mhaithe le taithí dhearfach agus fhiúntach d'ábhair oidí ar shocrúcháin scoile.

- Tá sé inmhianaithe go mbeadh ábhair oidí á n-óstáil ag scoileanna ar shocrúchán agus, á dhéanamh sin, cuirtear deis ar fáil d'ábhair oidí chun léargas a fháil ar mhúinteoireacht agus chun ranganna a mhúineadh go neamhspleách, i gcomhar le múinteoirí cáilithe i mbun a gcleachtas oibre.

- Le linn socrúcháin scoile, teastaíonn tacaíocht ó ábhair oidí ó phobal na scoile uile ina dturas i dtreo inniúlacht ghairmiúil.

- Nuair a bhíonn ábhair oidí ar shocrúchán á n-óstáil, is saibhriú é d'fhoghlaimoirí i scoil, do na hábhair oidí, do mhúinteoirí a bhíonn ag comhoibriú, do phobal scoile

níos leithne agus d'IAOnna. Go háirithe, baineann foghlaimoirí leas as éagsúlacht mhúinteoireachta, foghlamtha agus thaithí chomhchuraclaim níos leithne trí rannpháirtíocht struchtúrtha na n-ábhar oidí sa scoil. Ina theannta sin, bíonn rochtain ag an scoil ar éagsúlacht cuir chuige níos nuáí maidir le teagasc agus foghlaim trína rannpháirtíocht le hábhair oidí agus le foireann na nIAOnna.

- Baineann teagascóirí socrúcháin na nIAOnna leas as na tréimhsí comhpháirtíochta le scoileanna agus as a bheith lonnaithe i scoil le linn cuairteanna ar ábhair oidí.

2 Forbairt an Pholasaí

D'fhorbair an Bord Bainistíochta an polasaí seo tar éis dul i gcomhairle le gach ball de phobal na scoile — an bhainistíocht, múinteoirí, tuismitheoirí, scoláirí, patrún na scoile agus daoine ábhartha eile.

3 Tiomantas d'ábhair oidí a óstáil

Tá Gaelcholáiste Chomáin tiomanta d'ábhair oidí a óstáil ar shocrúchán scoile agus, sa chomhthéacs seo, glacann sé leis na Treoirínte maidir le Socrúchán Scoile a d'fhorbair an Chomhairle Mhúinteoireachta i gcomhairle leis na comhpháirtithe oideachais ábhartha go léir, gan athrú mar chuid den pholasaí socrúcháin scoile.

4 Impleachtaí don scoil maidir le hábhair oidí ar shocrúchán a óstáil

Má bhíonn ábhar oide á óstáil ar shocrúchán, beidh inter alia, ar an ábhar oide féachaint ar ranganna a bheidh á múineadh ag baill d'fhoireann teagaisc na scoile. Beidh ar ábhar oidí freisin ranganna a mhúineadh, ar an gcéad dul síos, agus an múinteoir ar a bhfuil an phríomhfhreagracht as dul chun cinn leasa agus oideachais an ranga (an múinteoir a bheidh ag comhoibriú) ag féachaint orthu agus ag tacú leo. Ansin, de réir mar a thagann forbairt ar inniúlacht an ábhair oide, gabhfaidh an t-ábhar oide ar aghaidh chuig ranganna a bheidh á múineadh go neamhspleách de réir riachtanas na nIAOnna agus céim fhorbartha áirithe an ábhair oide ar an gclár OTM.

5 Sceidealú d'ábhair oidí ar shocrúchán

Leithdháilfidh an príomhoide, nó na baill foirne a bhfuil an tasc seo tugtha dóibh, na hábhair oidí ar na múinteoirí agus na ranganna atá ag comhoibriú leis an socrúchán, ag cur san áireamh: an staid ag a bhfuil an t-ábhar oide ina chlár/clár oiliúna tosaigh múinteoirí; riachtanais áirithe na bhfoghlaimoirí i rang áirithe; an riachtanas don ábhar oide chun taithí a fháil ar réimse oiriúnach comhthéacsanna socrúcháin; agus aon chúinsí speisialta a bhfuil an múinteoir atá ag comhoibriú leis an socrúchán ar an eolas fúthu.

6 Ionduchtú d'ábhair oidí ar shocrúchán

Cuirfear seisiún treorach ar fáil do na hábhair oidí, sula dtosaíonn siad a socrúchán, maidir le príomhphearsanra, éiteas agus obair na scoile. Cuirfear pacáiste faisnéise

ar fáil do na hábhair oidí mar chuid den seisiún treorach seo ina mbeidh sonraí faoi phríomhpholasaithe na scoile, go háirithe Polasaithe na scoile a bhaineann le Cód Iompair na Scoláirí, Cosaint Leanaí, Sláinte agus Sábháilteacht, Obair Bhaile agus Socrúcháin d'Ábhair Oidí.

7 Tacaíochtaí d'ábhair oidí

Tá pobal na scoile tiomanta do thacaíocht dhearfach agus íogair a thabhairt don ábhar oide de réir na dTreoirlínte maidir le Socrúchán Scoile a d'fhorbair an Chomhairle Mhúinteoireachta i gcomhairle leis na comhpháirtithe oideachais ábhartha go léir. Ina theannta sin, tá an scoil tiomanta don ábhar oide a chur in éineacht leis an múinteoir/na múinteoirí cuí atá ag comhoibriú leis an socrúchán agus chuig na ranganna atá riachtanach dó/di chun go mbeidh rath ar a socrúchán scoile. Cuirfidh an scoil na hacmhainní agus na háiseanna teagaisc atá riachtanach ar fáil don ábhar oide dá chuid/cuid oibre i rith an tsocrúcháin.

8. Forbairt ghairmiúil leanúnach do bhail foirne a bhfuil baint acu le tacaíocht/éascaíocht maidir le socrúcháin d'ábhair oidí

Tá údarás bainistíochta na scoile agus bainistíocht shinsearach na scoile tiomanta do rannpháirtíocht fhoireann na scoile i gclár forbartha gairmiúla leanúnacha atá riachtanach lena chinntiú go mbíonn rath ar oibriú shocrúchán na n-ábhar oidí sa scoil a chur chun cinn agus a éascú.

9 Cumarsáid le pobal na scoile faoi pholasáí socrúcháin na scoile

Cuirtear cóip de pholasáí socrúcháin na scoile ar fáil do phearsanra na scoile agus do chumann na dtuismitheoirí agus tá an polasaí inrochtana go héasca do thuismitheoirí ar iarratas. Go háirithe, foilseofar cóip den pholasáí ar shuíomh gréasáin na scoile (más infheidhme) agus cuirtear cóip ar fáil do thuismitheoirí/caomhnóirí gach foghlaimeora a chláraíonn sa scoil agus do gach múinteoir nua nuair a thosóidh a bhfostaíocht, go leictreonach, nó cóip chrua.

10 Athbhreithnithe polasaí

Déanfaidh údarás bainistíochta na scoile athbhreithniú go tráthrialta ar an bpolasaí seo.

Dáta ar glacadh leis an bPolasaí seo 19-01-2022

Dáta an chéad athbhreithnithe eile: **Nollag 2024**

Tuilleadh treorach ar fáil ag:

[https://www.teachingcouncil.ie/en/Publications/Teacher-Education\(Guidelines-for-SchoolPlacement-.pdf](https://www.teachingcouncil.ie/en/Publications/Teacher-Education(Guidelines-for-SchoolPlacement-.pdf)

<https://www.teachingcouncil.ie/en/Publications/Teacher-Education/School-placement-for-studentteachers.df>